

An Bhruiséil, 31 Lúnasa 2026
(OR. en)

12076/26
PV CONS 49
AGRI 609
PECHE 302
PARLNAT

DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ
COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(**Talmhaíocht agus Iascach**)
13 Iúil 2026

1. Glacadh an chláir oibre

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 10449/26 + COR 1.

2. Formheas na míreanna ‘A’

(a) Liosta neamhreachtach

11670/26

Ghlac an Chomhairle gach mír ‘A’ a liostaítear sa doiciméad thuas, lena n-áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tiolacadh lena nglacadh.

Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis na míreanna sin san Aguisín.

(b) Liosta reachtach (Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)

11671/26

Talmhaíocht agus Iascach

1. Rialachán lena leasaítear pleananna straitéiseacha CBT agus rialacháin chothrománacha a mhéid a bhaineann le leasacháin



11393/26 + ADD 1
PE-CONS 43/26
AGRI
AGRIFIN

Glacadh an ghnímh reachtaigh

Cinneadh maidir le maolú ar an tréimhse 8 seachtaine dá

bhforáiltear in Airteagal 4 de Phrótocal 1 maidir le ról

na bparlaimintí náisiúnta san Aontas

a d’fhormheas CST, an 6.7.2026

D’fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh atá beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagail 114 agus 207(2) CFAE). Chinn an Chomhairle freisin maolú ar an tréimhse 8 seachtaine dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Phrótocal 1 maidir le ról na bparlaimintí náisiúnta san Aontas.

Leagtar ráiteas ón tSlóvaic amach san Iarscríbhinn.

Iompar, Teileachumarsáid agus Fuinneamh

2. **Cinneadh lena dtugtar de chumhacht don Ostair an comhaontú déthaobhach um iompar de bhóthar atá aici cheana leis an Eilvéis, lena n-údaraítear oibríochtaí cabatáiste i seirbhísí iompair paisinéirí de bhóthar i gcóiste agus i mbus, a leasú**



11391/26
PE-CONS 37/26
TRANS
CH

Glacadh an ghnímh reachtaigh

a d'fhormheas Coreper, Cuid 1, an 8.7.2026

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh atá beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagail 114 agus 207(2) CFAE).

3. **Rialachán maidir le cearta aerphaisinéirí**



11389/26
+ ADD 1-2
PE-CONS 39/1/26
REV 1
AVIATION
CONSOM

Glacadh an ghnímh reachtaigh

a d'fhormheas Coreper, Cuid 1, an 8.7.2026

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an tríú léamh agus glacadh an gníomh atá beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagail 114 agus 207(2) CFAE); vótáil an Spáinn agus an Laitvia ina choinne agus staon an Ostair agus an Fhionlainn ón vótáil.

Leagtar amach ráitis ón Laitvia, ón bhFrainc, ón bPortaingéil agus ón Ostair san Iarscríbhinn.

TALMHAÍOCHT & IASCACH

Gníomhaíochtaí neamhrechtacha

3. **Clár Oibre na hUachtaránachta**
Cur i láthair ón Uachtaránacht



Thíolaic an Cathaoirleach Clár Oibre Uachtaránacht na hÉireann a mhéid a bhaineann leis na hearnálacha Talmhaíochta agus Iascaigh.

TALMHAÍOCHT

Gníomhaíochtaí neamhrechtacha

4. **Straitéis Bheostoic agus Plean Próitéine an Aontais**
Cur i láthair ón gCoimisiún
Seisiún tuairimíochta



11527/26
11376/26 + ADD 1
11410/26

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Coimisiún agus an Uachtaránacht ar fáil.
Bhí seisiún tuairimíochta aici freisin.

5. **Mná in earnáil na talmhaíochta**
Seisiún tuairimíochta



11334/1/26 REV 1

Bhí seisiún tuairimíochta ag an gComhairle.

6. **Saincheisteanna talmhaíochta a bhaineann leis an trádáil**
Faisnéis ón gCoimisiún
Seisiún tuairimíochta

11373/26

Aon ghnó eile

7. **Talmhaíocht**

- (a) **Láithreacht *Agrilus planipennis* braite san Ungáir**
Faisnéis ón Ungáir



11619/26

Thug an Chomhairle dá haire freisin an fhaisnéis a chuir an Ungáir ar fáil, chomh maith le barúlacha na dtoscaireachtaí.

- (b) **Dréachtchlár Oibre 2027 an Choimisiúin um beartas an Aontais maidir le táirgíagraibhia a chur chun cinn** 11598/26
Faisnéis ón Iodáil
- (c) **Dearbhú Comhpháirteach ó Airí Talmhaíochta Ghrúpa Visegrad agus na Bulgáire, na Cróite agus na Rómáine maidir le bainistiú éifeachtach a dhéanamh ar ghéarchéimeanna talmhaíochta faoi chuimsiú CBT agus sa chomhthéacs níos leithne** 11605/26
Faisnéis ón Ungáir, ón mBulgáir, ón tSeicia, ón gCróit, ón bPolainn, ón Rómáin agus ón tSlóvaic
- (d) **Dearbhú Comhpháirteach ó Airí Talmhaíochta Ghrúpa Visegrad agus na Cróite agus na Rómáine maidir leis an gcomhar i réimse an bhithgheilleagair agus maidir le dul i ngleic le hadhaimsir** 11604/26
Faisnéis ón Ungáir, ón tSeicia, ón gCróit, ón bPolainn, ón Rómáin agus ón tSlóvaic

Pléadh míreanna 7(b), (c) agus (d) le chéile.

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Iodáil ar fáil maidir le dréacht-Chlár Oibre 2027 an Choimisiúin le haghaidh bheartas cur chun cinn an Aontais maidir le táirgíagraibhia, le tacaíocht ón tSeicia, ón bhFrainc, ón nGréig, ón Ungáir, ón bPolainn, ón bPortaingéil, ón Rómáin, ón tSlóivéin agus ón Spáinn. Thug an Chomhairle dá haire freisin an fhaisnéis a chuir an Ungáir ar fáil maidir leis an Dearbhú Comhpháirteach ó Airí Talmhaíochta Ghrúpa Visegrad agus na Bulgáire, na Cróite agus na Rómáine maidir le bainistiú éifeachtach a dhéanamh ar ghéarchéimeanna talmhaíochta faoi chuimsiú CBT agus sa chomhthéacs níos leithne, thar ceann na Bulgáire, na Cróite, na Seicia, na hUngáire, na Polainne, na Rómáine agus na Slóvaice.

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Ungáir ar fáil maidir leis an Dearbhú Comhpháirteach ó Airí Talmhaíochta Ghrúpa Visegrad agus ón gCróit agus ón Rómáin maidir leis an gcomhar i réimse an bhithgheilleagair agus maidir le dul i ngleic le hadhaimsir, thar ceann na Cróite, na Seicia, na hUngáire, na Polainne, na Rómáine agus na Slóvaice. Thug sí dá haire na barúlacha a thug na toscaireachtaí maidir le gach mír.

-
- ❶ An chéad léamh
- ❸ An tríú léamh
- ❷ Plé poiblí arna mholadh ag an Uachtaránacht (Airteagal 8(2) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle)
- ❹ Mír atá bunaithe ar thogra ón gCoimisiún
-

Ráitis a ghabhann leis na míreanna reachtacha ‘A’ a leagtar amach in 11671/26**Maidir le mír 1 ar liosta
na míreanna ‘A’:**

Rialachán lena leasaítear pleananna straitéiseacha CBT agus rialacháin chothrománacha a mhéid a bhaineann le leasacháin
Glacadh an ghnímh reachtaigh
Cinneadh maidir le maolú ar an tréimhse 8 seachtaine dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Phrótacal 1 maidir le ról na bparlaimintí náisiúnta san Aontas

RÁITEAS ÓN tSLÓVAIC

‘Tacaíonn an tSlóvaic le glacadh an Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2115 a mhéid a bhaineann le cineál sonrach idirghabhála chun tacaíocht eisceachtúil shealadach a chur ar fáil faoin gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus an fhéidearthacht leithdháiltí íocaíochtaí díreacha a oiriúnú don bhliain féilire 2027 agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2116 a mhéid a bhaineann le rialacha níos solúbtha maidir le réamhíocaíochtaí a íoc mar fhreagairt ar an méadú ar phraghsanna leasacháin mar gheall ar an ngéarchéim sa Mheánoirthear.

Ag an am céanna, ba dhíol sásaimh don tSlóvaic leasú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1173 ón gCoimisiún, go sonrach Airteagal 7(1) de, lena dtabharfaí tuilleadh solúbthachta do na Ballstáit maidir le réamhíocaíochtaí a dhéanamh trí mhaolú ón sprioc-am a cheadú nó trí cheadú don réamhíocaíocht a dhéanamh gan aon teorainn ama maidir leis an sprioc-am i ndáil le hiarratas a leasú nó a tharraingt siar, ar choinníoll go bhfuil córas éifeachtach bainistíochta agus rialúcháin i bhfeidhm ag an mBallstát, lena n-áirítear sásraí le haghaidh íocaíochtaí neamhdhlite a aisghabháil.’

**Maidir le mír 3 ar liosta
na míreanna ‘A’:**

Rialachán maidir le cearta aerphaisinéirí
Glacadh an ghnímh reachtaigh

RÁITEAS ÓN LAITVIA

‘Tacaíonn an Laitvia go hiomlán leis an gcuspóir ardleibhéal cosanta do phaisinéirí a áirithiú agus is díol sásaimh di na hiarrachtaí suntasacha a rinneadh chun teacht ar chomhréiteach cothrom maidir leis an togra seo. Ag an am céanna, is cúis imní don Laitvia i gcónaí go bhféadfadh gnéithe áirithe den téacs a comhaontáíodh ualaí díreireacha airgeadais agus riaracháin a chruthú d’aeriompróirí, rud a bhféadfadh iarmhairtí a bheith aige ar phraghsanna ticéad agus ar nascacht aeir. Tá na hábhair imní sin ábhartha go háirithe do Bhallstáit fhorimeallacha amhail an Laitvia, áit a bhfuil ról ríthábhachtach ag an eitleocht maidir le soghluaisteacht, forbairt eacnamaíoch agus comhtháthú críochach a áirithiú.

Tugann an Laitvia dá haire freisin, agus is cúis imní di, deireadh a chur le forálacha lena soláthrófaí deimhneacht dhlíthiúil níos fearr maidir le cinntí oibríochtúla a dhéantar ar mhaithe le sábháilteacht eitlíochta agus tá sí faichilleach i gcónaí maidir le tionchar carnach na n-oibleagáidí nua ar nascacht réigiúnach i dtimpeallacht eacnamaíoch agus gheopholaitiúil atá dúshlánach cheana féin. Cé go n-aithníonn an Laitvia an dul chun cinn foriomlán a rinneadh sa chaibidlíocht agus go dtacaíonn sí leis an gcuspóir cearta paisinéirí a neartú, measann sí nach bhfuil toradh sách cothrom ar an togra comhréitigh atá ann faoi láthair idir cosaint paisinéirí agus nascacht aeir. Ar na cúiseanna sin, ní féidir leis an Laitvia tacú leis an togra comhréitigh atá beartaithe. Mar sin féin, tá an Laitvia tiomanta i gcónaí do rannpháirtíocht chuiditheach sna hiarrachtaí a dhéanfar amach anseo chun cearta láidre paisinéirí agus aernascacht inbhuanaithe araon a áirithiú ar fud an Aontais Eorpaigh.'

RÁITEAS ÓN bhFRAINC

'Tacaíonn an Fhrainc leis an gcomhréiteach atá beartaithe, ar céim chun cinn é do chearta paisinéirí, trí níos mó soiléireachta dlíthiúla a chur ar fáil, trí chásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh a chomhdhlúthú agus trí éifeachtacht na gceart paisinéirí a neartú.

Is oth leis an bhFrainc, áfach, nár glacadh le tograí áirithe leasa ghinearálta, go háirithe na tograí sin arb é is aidhm dóibh creat níos fearr a chur ar fáil maidir le ról na n-idirghabhálaithe agus gearáin á láimhseáil. Tá an Fhrainc suite de i gcónaí gur cheart tús áite a thabhairt do chaidreamh díreach idir an t-iompróir agus an paisinéir, go háirithe trí thús áite a thabhairt do chúiteamh a íoc leis an tairbhí, chun cleachtais mhí-úsáideacha idirghabhálaithe áirithe a theorannú agus chun a áirithiú go mbainfidh paisinéirí lántairbhe as na cearta arna n-aithint ag an reachtóir Eorpach.

Faoi réir na bhforchoimeádas sin, tacaíonn an Fhrainc leis an Rialachán seo.'

RÁITEAS ÓN bPORTAINGÉIL

'Gabhann an Phortaingéil buíochas le hUachtaránacht na Cipire agus lena réamhtheachtaithe as an obair a rinne siad chun an t-athbhreithniú ar an Rialachán maidir le Cearta Aerphaisinéirí a chaibidil agus as an teagmháil a bhí acu le Parlaimint na hEorpa.

D'áitigh an Phortaingéil i gcónaí gur cheart, le haon athbhreithniú ar an Rialachán, ní hamháin go mbeadh sé níos simplí cearta aerphaisinéirí a chur chun feidhme, ach cearta aerphaisinéirí a chaomhnú agus/nó a neartú freisin, ionas go leanfaidh paisinéirí de thairbhe a bhaint as cosaint lena leagtar síos an caighdeán do réigiúin eile den domhan.

Ag deireadh an phróisis fhada caibidlíochta sin, bheimis ag súil le hathbhreithniú níos uailmhianaí maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin a shimpliú, cothromaíocht níos fabhraí a bhaint amach idir a chuspóir agus a indéantacht, agus freagrachtaí gach ceann de na geallsealbhóirí eitlíochta a shainaithint agus a dháileadh ar bhealach níos fearr, d'fhonn aeriompar atá inbhuanaithe i ndáiríre a áirithiú.

Áitimid gur cheart cásanna áirithe a aicmiú cheana féin mar imthosca urghnácha, eadhon bás nó breoiteacht thobann na mball foirne agus iad as an mbunáit, easnaimh sábháilteachta, ciorruithe forleathana cumhachta ag aerfoirt, agus cur isteach níos minice ar ladrainn ag aerfoirt. Is oth linn nach bhfuil na gnéithe sin san áireamh sa chomhaontú.

Mar sin féin, de mheon comhréitigh agus ag aithint dheacracht na caibidlíochta, tá an Phortaingéil ag vótáil i bhfabhar an togra ionas gur féidir le gnéithe dearfacha an athbhreithnithe teacht i bhfeidhm agus an córas cosanta do chearta paisinéirí a fheabhsú.

Iarraimid go ndéanfaí iarrachtaí laistigh d’institiúidí iltaobhacha chun a áirithiú gur féidir an córas cosanta paisinéirí sin a leathnú ar fud an domhain, agus ar an gcaoi sin cothrom iomaíochta a chruthú idir aerlínte an Aontais agus iompróirí ó réigiúin eile, chun tairbhe na heitlíochta domhanda.’

RÁITEAS ÓN OSTAIR

‘I gcás na hOstaire, tá sé tábhachtach a áirithiú go ndéanfar athbhreithniú cothrom ar Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 (an Rialachán maidir le Cearta Aerphaisinéirí) lena ráthaítear ardleibhéal cosanta do thomhaltóirí agus inmharthanacht eacnamaíoch agus iomaíochas thionscal eitlíochta na hEorpa araon.

Dá bhrí sin, tacaíonn an Ostair le bunchuspóirí an togra ón gCoimisiún Eorpach chun athbhreithniú a dhéanamh ar an Rialachán maidir le Cearta Aerphaisinéirí.

Ba cheart a thabhairt faoi deara, dar leis an Ostair, go dtagann meath ar sheasamh dlíthiúil reatha na bpaisinéirí i roinnt príomhréimsí mar thoradh ar an téacs comhréitigh.

Ar deireadh, cuireann an Ostair in iúl go n-ardaíonn an téacs go leor ceisteanna nua maidir le léirmhíniú. Staonann an Ostair dá bhrí sin.’
